PATENTS OFFICE

OIFIG NA bPAITINNÍ

Eighty Second Annual Report of the Controller of Patents, Designs and Trade Marks

An Dara Tuarascáil Bhliantúil is Ochtó ón gCeannasaí Paitinní, Dearaí agus Trádmharcanna

2009

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS, TEACH SUN ALLIANCE,
SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
AONAD 20 PÁIRC MIONDÍOLA COIS LOCHA, CLÁR CHLAINNE MHUIRIS,
CONTAE MHAIGH EO
(Teil: 01 – 6476834/37 nó 1890 213434; Fax: 01 – 6476843 nó 094 - 9378964)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE, SUN ALLIANCE HOUSE,
MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
UNIT 20 LAKESIDE RETAIL PARK, CLAREMORRIS, CO. MAYO
(Tel: 01 – 6476834/37; or 1890 213434; Fax: 01 – 6476843 or 094 - 9378964)
or through any bookseller.

(PRN. A10/0612)

Price: €5.00
Praghas: €5.00

Patents Office

Government Buildings

Hebron Road

Kilkenny

Ireland

Phone: 353-56-7720111

Fax: 353-56-7720100

Lo Call Phone: 1890 220223 (within Ireland)

Lo Call Fax: 1890 220120 (within Ireland)

E-mail: patlib@patentsoffice.ie

Website: www.patentsoffice.ie

Oifig na bPaitinní

Oifigí an Rialtais

Bóthar Hebron

Cill Chainnigh

Éire

Fón: 353-56-7720111

Faics: 353-56-7720100

Lo Call Fón: 1890 220223 (laistigh d'Éirinn)

Lo Call Faics: 1890 220120 (laistigh d'Éirinn)

R-phoist: patlib@patentsoffice.ie

Idirlín: www.patentsoffice.ie

INTRODUCTION

I have the honour to submit my Annual Report to the Oireachtas for the year ended 31 December 2009, in accordance with the provisions of Section 103 of the Patents Act, 1992.

During 2009 the Office continued to focus on implementing elements of our three year Strategy Statement with a view to continuing to improve efficiency and our service to our customers. This included a review of our Application Forms and support documentation, a review of our standard letters and a major review of the processes and procedures in the Office. The result of these reviews will lead to an improved and more efficient service to our customers.

Staff in the Office showed their continued willingness to innovate, improve and embrace change in work practices and technology despite the effects of budgetary cutbacks. I commend all those working in the Patents Office for their commitment to continued improvement during the year.

The Intellectual Property Unit (IPU) of the Department of Enterprise, Trade and Employment has responsibility for intellectual property policy and preparation of legislation in this field. My Office furnishes advice in these matters to the Department, including comments on the impact on its work of proposed legal or regulatory changes. In November 2009, I was given responsibility for the operations of the IPU. This dual responsibility has resulted in bringing the operational and policy functions closer together and has facilitated greater co-ordination in the delivery of IP services in the State.

My Report is in respect of the execution of my statutory functions under the Patents Act, 1992, the Trade Marks Act, 1996; the Industrial Designs Act, 2001, the Statutory Rules and Regulations made under these Acts; and the European Communities (Supplementary Protection Certificate) Regulations.

Decisions under these Acts, Rules and Regulations rest with me in my statutory capacity, subject to certain rights of appeal to the High Court. I also have certain statutory functions under the Copyright and Related Rights Act, 2000 largely concerned with dispute resolution, copyright licensing schemes and with registration of licensing bodies. In addition, my Office makes information available on Industrial and Intellectual Property.

In my report, unless the context otherwise indicates, a reference to the “1927 Act” means the Industrial and Commercial Property (Protection) Act 1927, to the “1963 Act” means the Trade Marks Act, 1963, to the “1964 Act” means the Patents Act, 1964, to the “1992 Act” the Patents Act, 1992 (as amended), to the “1996 Act” the Trade Marks Act, 1996 and a reference to the “2001 Act” means the Industrial Designs Act, 2001. The report provides information on the operating and financial results for my Office for 2009. It includes key performance information related to the services provided and statistical information on IP of interest to domestic and international organizations.

Eamonn Laird
Controller

Dated 12 May 2010

RÉAMHRÁ

Is onóir agam é mo Thuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Oireachtais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009, de réir fhorálacha Ailt 103 d'Acht na bPaitinní, 1992.

I rith 2009, lean an Oifig ag díriú ar eilimintí dár Ráiteas Straitéise trí bliana a chur i bhfeidhm d'fhonn leanúint le feabhas a chur ar éifeacht agus ar ár seirbhís dár gcustaiméirí. Áiríodh anseo athbhreithniú ar ár bhFoirmeacha Iarratais agus ar an doiciméadú coimhdeach, athbhreithniú ar ár litreacha caighdeánacha agus mór-athbhreithniú ar na próisis agus ar na nósanna imeachta san Oifig. Mar thoradh ar na hathbhreithnithe seo go léir tiocfaidh feabhas ar ár seirbhís dár gcustaiméirí agus beidh sí níos éifeachtaí.

Léirigh foireann na hOifige go raibh siad toilteanach a bheith nuálach, agus feabhas a chur agus glacadh le hathruithe i gcleachtais oibre agus i dteicneolaíocht in ainneoin na gciorruithe buiséid. Molaim gach duine atá ag obair in Oifig na bPaitinní as ucht a dtiomantas maidir le feabhsú leanúnach i rith na bliana.

Tá freagracht ar Aonad Maoine Intleachtúla (AMI) den Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le polasaí ar mhaoin intleachtúil agus maidir le reachtaíocht sa réimse seo a ullmhú. Cuireann m'Oifig comhairle ar fáil don Roinn maidir leis na nithe seo, ar a n-áirítear nótaí tráchta ar thionchar na n-athruithe dlíthiúla nó rialúcháin atá beartaithe ar a cuid oibre. I Samhain 2009, cuireadh freagracht orm as feidhmiúcháin an AMI. Mar thoradh ar an défhreagracht seo tá na feidhmeanna oibríochtúla agus polasaí tugtha níos cóngraí dá chéile agus tá sé tar éis éascú a dhéanamh ar chomhordú níos fearr le seirbhísí MI a sholáthar sa Stát.

Baineann mo Thuarascáil le feidhmiú m'fheidmeanna reachtúla faoi Acht na bPaitinní, 1992, Acht na dTrádmharcanna, 1996; Acht um Dhearthaí Tionscail, 2001, na Rialacha agus na Rialúcháin Reachtúla a déanadh faoi na hAchtanna seo; agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Deimhniú Cosanta Forlíontach).

Fúmsa atá cinneadh a dhéanamh faoi na hAchtanna, na Rialacha agus na Rialacháin seo de réir reachtaíochta, faoi réir chearta áirithe achomhairc chuig an Ard-Chúirt. Tá feidhmeanna áirithe reachtúla agam freisin faoin Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 a bhaineann den chuid is mó le haighnis a réiteach, scéimeanna maidir le ceadúnú cóipchirt agus le clárú ar chomhlachtaí ceadúnaithe. Ina theannta sin, cuireann m'Oifig faisnéis ar fáil ar Mhaoin Thionsclaíoch agus Intleachtúil.

I mo thuarascáil, mura dtugann an comhthéacs a mhalairt le fios, ciallaíonn tagairt do "Acht 1927" an tAcht um Mhaoin Tionsclaíochta nó Tráchtála (Cosaint) 1927, ciallaíonn tagairt do "Acht 1963" Acht na dTrádmharcanna, 1963, ciallaíonn tagairt do "Acht 1964" Acht na bPaitinní, 1964, ciallaíonn tagairt do "Acht 1992" Acht na bPaitinní 1992 (leasaithe), ciallaíonn tagairt do "Acht 1996" Acht na dTrádmharcanna, 1996, agus ciallaíonn tagairt do "Acht 2001" Acht um Dhearthaí Tionscail, 2001. Soláthraíonn an tuarascáil faisnéis ar fheidhmiú agus ar thorthaí airgeadais do m'oifig do 2009. Áirítear ann an phríomhfhaisnéis ar fheidhmiú a bhaineann le seirbhísí a sholáthraítear agus faisnéis staitisticiúil ar MI ar spéis le heagraíochtaí dúchais agus idirnáisiúnta í.

Eamonn Laird
Ceannasaí

Arna dhátú 12ú Bealtaine 2010

GENERAL

The Patents Office is responsible for the granting and registration of intellectual property rights in Ireland. Innovation and creativity which are captured in intellectual property are important elements in gaining a competitive edge in the marketplace and for many business ventures, intellectual property is one of their most important assets. Through the provision and administration of the patents, trademarks and design registration system, the Office assists Irish business, industry and individual entrepreneurs to optimise the economic potential of their intellectual property.

This annual report is structured around the six strategic objectives set out in the Office's Statement of Strategy for the period 2008 to 2010 which are seen as central to the operational efficiency of the Office. The aim of this strategy, which is delivered through annual business plans, is to facilitate an environment in Ireland where individuals are able to achieve their rights and entitlements under the various pieces of IP legislation to the greatest extent possible and according to their needs.

Objective (1)
To grant and maintain patents, to register and maintain trademarks and designs and to carry out the statutory functions under the Copyright legislation, transparently and accountably, based on international best practice.

Business volumes continued to fluctuate in 2009, though with an overall downward trend becoming more evident. The year 2008 was the first time the Office has received more than 1000 patent applications since the year 2001. However, in 2009 patent filings fell by 4.5%; down to 961 from the high of 1,007 achieved in 2008. The total number of long term patent applications received during 2009 was down 8.9% on 2008 from 457 to 415. Short term applications received in 2009 were down 0.73% on 2008 from 550 to 546.
Applications for Supplementary Protection Certificates increased by over 14% from 35 in 2008 to 41 in 2009 – an indication of the continuing importance of patent protection for medicinal products for the pharmaceutical industry.
Applications for the registration of industrial designs, which had seen a steady decline since 2003 when the Community Design registration system came into being, had increased in 2008 but fell by 36% in 2009 from 69 to 44.
Business volumes in trade marks continued a decline which had begun in 2008. The total number of National trade mark applications received in 2009 was down 13.3% on 2008 from 2,690 to 2,339. International applications for marks seeking protection in Ireland were down 26.5% by comparison to 2008 from 2,506 to 1,871.

The data indicates that the filing of new patent, design and trade mark applications is continuing to be affected by the recession. This is much more evident in the case of National and International trade marks and does suggest a continuing lack of business confidence with little or no new products or services (for which TM protection would be desirable) coming on stream.
While patent applications have been less affected and short term applications hardly at all, a contraction is still evident bearing in mind that patent applications had been showing a modest growth (an average increase of 4.5%) each year since 2004.

National Patent Applications 2000-2009



GINEARÁLTA

Tá freagracht ar Oifig na bPaitinní maidir le cearta maoine intleachtúla a thabhairt agus a chlárú in Éirinn. Is eilimintí tábhachtacha iad nuálaíocht agus cruthaitheacht a bhíonn tiomsaithe i maoin intleachtúil maidir le buntáiste iomaíoch a bhaint amach ar an margadh do mhórán gnóthaí, agus tá maoin intleachtúil ar cheann dá sóchmhainní is luachmhaire. Trí sholáthar agus riaradh chóras clárúcháin na bpaitinní, na dtrádmharcanna agus dearaidh, cabhraíonn an Oifig le gnóthaí, tionscail agus fiontraithe indibhidiúla in Éirinn an leas is mó a bhaint as acmhainn eacnamaíochta a maoin intleachtúil.

Tá struchtúr na tuarascála bliantúil seo bunaithe ar na sé chuspóir atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na hOifige don tréimhse 2008 go dtí 2010 a cheaptar a bheith lárnach d'fheidhmiú éifeachtach na hOifige. Is í aidhm na straitéise seo, a sholáthraítear trí phleananna bliantúla gnó, éascú a dhéanamh ar thimpeallacht in Éirinn inar féidir le daoine a gcearta agus a dteidlíochtaí a bhaint amach faoi na píosaí éagsúla reachtaíochta MI oiread agus is féidir é agus de réir a riachtanas.

Cuspóir (1)
Paitinní a thabhairt agus a choimeád, trádmharcanna agus dearaí a chlárú agus a choimeád, agus na feidhmeanna reachtúla a chur i bhfeidhm faoin reachtaíocht Chóipchirt, go trédhearcach agus go cuntasach, bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta.

Lean an luainiú ar an méid gnó a déanadh in 2009, ach bhí an treocht foriomlán anuas ag éirí níos soiléire. Ba í an bhliain 2008 an chéad uair ón mbliain 2001 a fuair an Oifig níos mó ná 1000 iarratas paitinne. Ar a shon sin, tháinig laghdú 4.5% ar chomhdú paitinne in 2009; ísliú chuig 961 ón ardlíon de 1,007 a baineadh amach in 2008. Bhí líon iomlán na n-iarratas fadtréimhseach paitinne a fuarthas i rith 2009 síos 8.9% ar 2008 ó 457 go dtí 415. Bhí na hiarratais ghearrthréimhseacha a fuarthas in 2009 síos 0.73% ar 2008 ó 550 go dtí 546.
Tháinig méadú 14% ar iarratais ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha ó 35 in 2008 go dtí 41 in 2009 – léiriú ar an tábhacht leanúnach a bhaineann le cosaint ar phaitinne do tháirgí míochaine don tionscal cógaisíochta.
Tháinig méadú in 2008 ar iarratais ar chlárú dearaí tionscail, a raibh laghdú socair orthu ó 2003 nuair a tháinig ann don chóras clárúcháin Dearadh Pobail, ach tháinig laghdú 36% orthu in 2009 ó 69 go dtí 44.
Lean an laghdú ar an líon gnó i dtrádmharcanna a thosaigh in 2008. Bhí líon na n-iarratas ar thrádmharcanna Náisiúnta a fuarthas in 2009 síos 13.3% ar 2008 ó 2,690 go dtí 2,339. Bhí na hiarratais idirnáisiúnta ar mharcanna ag lorg cosanta in Éirinn síos 26.5% i gcomparáid le 2008 ó 2,506 go dtí 1,871.

Léiríonn na sonraí go bhfuil tionchar i gcónaí ag an meathlú geilleagrach ar iarratais ar phaitinn, ar dhearadh agus ar thrádmharc nua a chomhdú. Tá seo i gceist go mór i gcás trádmharcanna Náisiúnta agus Idirnáisiúnta agus tugann sin easpa muiníne le fios go leanúnach i ngnó le fíorbheagán táirgí nó seirbhísí nua (ar a mbeadh cosaint TM inmhianaithe) ag teacht i láthair.
Cé gur lú an tionchar a bhí ar iarratais ar phaitinní agus is ar éigin a bhí tionchar ar bith ar iarratais ghearrthréimhseacha, tá cúngú fós le feiceáil ag cur san áireamh go raibh beagán fáis gach bliain ar iarratais phaitinne (méadú 4.5% mar mheán) ó 2004.

Iarratais Náisiúnta ar Phaitinní 2000-2009



National Trade Mark Applications 2000-2009



National Design Applications 2000 - 2009



Declines in business volumes and in particular decisions by business not to maintain their IP rights in force, impacted on the Office' s fee income. The bulk of the Office's fee income comes from renewal fees and declines were evident during the period January to September 2009. While there was some improvement in the last quarter, renewal income from National trade marks for 2009 was down by 1.4% on 2008. Fees in respect of International trade marks seeking protection in Ireland were down by over 17%. National Patent renewal fee income was down by over 14% on 2008. The decline in renewal fee income is perhaps attributable to business closures and a decline in entrepreneurial activity, with financial constraints preventing the renewal of a trade mark or the ceasing of the manufacture of a patented product.
Somewhat less affected by the recession has been renewal fee income from European Patents (up 3% on 2008). This has helped offset the drop in other renewal fee income and resulted in the Office's outturn for receipts being in line with that estimated.

More detailed information can be found in the Business Statistics and Financial Information sections of the Report.

The development of a strong customer service ethos in the carrying out of the Controller's statutory functions was an integral part of the Office's Customer Service Action Plan for the period 2006 to 2009. The Plan sets out a series of customer service targets against which performance is monitored during the year. The level of performance against specific customer service targets achieved during 2009 is reported on in some detail later in this report.

Iarratais Náisiúnta ar Thrádmharcanna 2000-2009



Iarratais Náisiúnta ar Dhearaí 2000 - 2009



Bhí tionchar ag laghdú ar mhéid gnó agus go háirithe ag cinntí ag gnóthaí gan a gcearta MI a choimeád i bhfeidhm, ar ioncam na hOifige ó tháillí. Tagann formhór ioncaim tháillí na hOifige ó athnuachan ar tháillí agus bhí laghdú le feiceáil i rith na tréimhse ó Eanáir go Meán Fómhair 2009. Cé go raibh feabhas áirithe sa ráithe dheireanach, bhí ioncam athnuachana ó thrádmharcanna náisiúnta do 2009 síos 1.4% ar 2008. Bhí táillí maidir le trádmharcanna idirnáisiúnta ag lorg cosanta in Éirinn síos os cionn 17%. Bhí ioncam ó athnuachan ar tháillí ar Phaitinn Náisiúnta síos os cionn 14% ar 2008.
Is dócha gur féidir an laghdú ar ioncam ó tháillí athnuachana a leagan ar dhúnadh ghnóthaí agus laghdú ar ghníomhaíocht fiontraíochta, le srianta airgeadais ag cur cosc le hathnuachan ar thrádmharc nó le héirí as déantúsaíocht tháirge phaitinnithe.
Is lú an tionchar a bhí ag an meathlú geilleagrach ar ioncam ó tháillí athnuachana ó Phaitinní Eorpacha (suas 3% ar 2008). Tá seo tar éis cabhrú le fritháireamh a dhéanamh ar ioncam eile ó tháillí athnuachana agus mar thoradh air sin bhí toradh na bhfáltas ag teacht lena raibh measta.

Is féidir faisnéis níos mionsonraithe a fháil sna rannáin ar Staitisticí Gnó agus Faisnéis Airgeadais den Tuarascáil.

Bhí forbairt ar éiteas láidir seirbhíse do chustaiméirí i gcomhlíonadh feidhmeanna reachtúla an Rialtóra ina chuid lárnach de Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhísí do Chustaiméirí na hOifige don tréimhse 2006 go dtí 2009. Leagann an Plean amach sraith de spriocanna seirbhíse do chustaiméirí lena ndéantar monatóireacht ar fheidhmíocht i rith na bliana.

Performance was generally satisfactory overall. However, performance against several targets mainly associated with the initial processing stages of applications which had tended to fluctuate in previous years, showed an improvement over the first half of the year but dropped in the latter half of 2009. This fluctuation in performance can, for the most part, be attributed to staff changes and reduced staff numbers in the area responsible for manual key in of application data. Increased use of automated processing has allowed a growing number of targets to be fully met and it is intended that a planned increase automation at the intital application processing stage e.g. resulting from the introduction of online filing of trade mark applications, will lead to in improved performance levels in the future.

Objective (2)
To recognise staff as a key asset and to have a well-trained, flexible and customer-focused team.

As of 31 December 2009, the Office operated with 60 authorised posts a reduction of 3 on 2008, When career breaks, worksharing and other family friendly working arrangements are taken into account, this equates to a staffing level of 53 full time equivalents during 2009. The day-to-day willingness of staff, at all levels, to initiate change and to continue to improve work practices has allowed the Office to be a leaner and more efficient working unit which has already risen to the challenge of meeting the demand for high levels of public services with less resources.

During 2009, staff development continued with the aim of ensuring that all staff, including new staff obtained appropriate training in the skills and competencies required to undertake their job to the highest standard. In accordance with the Performance Management Development System (PMDS) operated in the Office, a development plan for training was drafted which took into account the various training needs which staff had identified in their personal development plans. Outside of on-the-job training, staff in my Office undertook a total of 96.5 training days during 2009. Training was provided in areas such as business process re-engineering, staff management and leadership skills, information and communication technology skills, communications and assertiveness skills and in the use of the ESP@CENET patent search system.

Objective (3)
To continuously review our processes, procedures and computer systems to improve our service to our customers.

The Government's decision to substantially cut expenditure on public services in 2009 impacted on the Office's allocation for ICT development. Nonetheless, the Office sought to maximise the financial resources allocated to it in prioritising and progressing those developments which offered the most in terms of improved efficiency. Seven substantive enhancements to the PTOLEMY Administration system were developed and implemented in 2009 all of which were aimed at improving operational efficiency.

In an effort to improve the quality of its communication with its customers the Office reviewed and redeveloped the content and support documentation of its Applications Forms. It reviewed the style and content of its standard letters and devised an improved the approach to letter writing. It also redeveloped areas of its website to incorporate the new forms and support documentation.

In addition, an extensive review of the administrative procedures and processes in the Office was undertaken with a view to simplification of same and, where possible, taking advantage of automation and electronic processing to improve efficiency. The in-house process review identified 61 improvements of which 40 were immediately implemented. The balance, most of which required some adaptation of the computerised Administration system, were prioritised and will be implemented as and when funds become available.

Computerising simple and frequently used services and introducing email-based services can improve access to information for the public, enable self-service, reduce processing times, improve productivity and reduce costs. In its contribution to these objectives and the promotion of e-government the Office has sought to use technology to deliver services electronically. To this end development work commenced in 2009 to facilitate the issuing of thousands of renewal reminders and overdue reminders electronically by Email instead of by post. This project will be rolled out early in 2010 and is the first step in a process which will see the majority of the Office's incoming

Tuairiscítear go sonrach níos déanaí sa tuarascáil seo ar an leibhéal feidhmíochta a baineadh amach i rith 2009 i bhfrithshuíomh leis na spriocanna sonracha seirbhíse do chustaiméirí. Bhí an fheidhmíocht fhoriomlán sásúil go ginearálta. Ar a shon sin, léirigh an fheidhmíocht maidir le roinnt spriocanna a bhain go príomha leis na céimeanna tosaigh próiseála ar iarratais a raibh claonadh chun luainithe ag baint leo sna blianta roimhe sin, feabhas sa chéad leath den bhliain ach tharla titim arís sa dara leath de 2009. Is féidir an luainiú seo i bhfeidhmíocht a chur i leith athruithe foirne agus laghdú ar líon na foirne, den chuid is mó, sa réimse atá freagrach as sonraí iarratais a chur isteach de láimh. Tá méadú ar an úsáid a bhaintear as uathphróiseáil tar éis méadú a cheadú ar líon na spriocanna a bhaintear amach go hiomlán agus tá sé ar intinn go gcuirfidh méadú pleanáilte ar uathoibriú ag an gcéim tosaigh den phróiseáil iarratais m.sh. mar thoradh ar chomhdú ar líne a thabhairt isteach d'iarratais trádmharcála, feabhas ar leibhéil na feidhmíochta sa todhchaí.

Cuspóir (2)
An fhoireann a aithint mar phríomhshóchmhainn agus foireann dea-oilte, solúbtha agus dírithe ar an gcustaiméir a bheith ann.

Ón 31 Nollaig 2009, bhí an Oifig ag feidhmiú le 60 post údaraithe, laghdú de 3 ar 2008. Nuair a chuirtear sosanna gairme, postroinnt agus socruithe eile oibre a thacaíonn le teaghlaigh san áireamh, is ionann seo agus leibhéal foirne ionann le 53 lánaimseartha i rith 2009. Tá toilteanas na foirne ó lá go chéile, ag gach leibhéal, tús a chur le hathrú agus leanúint le feabhas a chur ar chleachtais oibre tar éis a cheadú don Oifig a bheith ina haonad níos caoile agus níos éifeachtaí atá tar éis an dúshlán a chomhlíonadh cheana féin maidir le freastal ar an éileamh ar sheirbhís poiblí ar ardleibhéal le níos lú acmhainní.

I rith 2009, leanadh le forbairt na foirne d'fhonn a chinntiú gur cuireadh an oiliúint chuí ar an bhfoireann go léir, ar a n-áirítear an fhoireann nua, ar na scileanna agus na hinniúlachtaí atá ag teastáil lena bpost a dhéanamh ar an gcaighdeán is airde. De réir an Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) atá ag feidhmiú san Oifig, déanadh dréachtú ar phlean forbartha d'oiliúint a chuir na riachtanais éagsúla oiliúna, a bhí aitheanta ag an bhfoireann ina bpleananna forbartha pearsanta, san áireamh. Lasmuigh den oiliúint ar an láthair oibre, chuaigh an fhoireann i m'Oifig i mbun 96.5 lá oiliúna i rith 2009. Soláthraíodh oiliúint i réimsí mar atheagrú ar phróiseas gnólachta, bainistíocht foirne agus scileanna ceannaireachta, scileanna faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide, scileanna cumarsáide agus treallúis agus ar an gcóras cuardaigh phaitinne ESP@CENET a úsáid.

Cuspóir (3)
Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar ár bpróiseas, ár nósanna imeachta agus ár gcóras ríomhaireachta le feabhas a chur ar ár seirbhís dár gcustaiméirí.

Bhí tionchar ag cinneadh an Rialtais in 2009 caiteachas ar sheirbhísí poiblí a ghearradh go mór ar leithdháileadh na hOifige d'fhorbairt TFC. Mar sin féin, rinne an Oifig iarracht ar uasmhéadú a dhéanamh ar na hacmhainní airgeadais a leithdháileadh uirthi le tosaíocht a dhéanamh ar na forbairtí sin a raibh an chuid ba mhó ag baint leo i dtéarmaí feabhais ar éifeacht, agus iad a chur chun cinn. Déanadh forbairt agus cur i bhfeidhm ar sheacht bhfeabhsúchán substaintiúil sa chóras Riaracháin PTOLEMY in 2009 a raibh gach ceann acu dírithe ar fheabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochtúil.

In iarracht ar fheabhas a chur ar cháilíocht a cuid cumarsáide lena custaiméirí, rinne an Oifig athbhreithniú agus athfhorbairt ar ábhar agus doiciméadú coimhdeach a Foirmeacha Iarratais. Rinne sí athbhreithniú ar stíl agus ábhar a litreacha caighdeánacha agus cheap agus chuir feabhas ar an gcur chuige maidir le litreacha a scríobh. Rinne sí athfhorbairt freisin ar réimsí dá suíomh gréasáin le hionchorprú a dhéanamh ar na foirmeacha nua agus ar an doiciméadú coimhdeach.

Ina theannta sin, déanadh athbhreithniú fairsing ar nósanna imeachta riaracháin san Oifig d'fhonn simpliú a dhéanamh orthu agus buntáiste a bhaint, nuair ab fhéidir é, as uathoibriú agus ríomhphróiseáil le feabhas a chur ar éifeacht. D'aithin an t-athbhreithniú inmheánach ar phróisis 61 feabhsúchán ar cuireadh 40 acu i bhfeidhm láithreach bonn. Tugadh tosaíocht don chuid eile, a raibh roinnt athruithe ar an gcóras ríomhairithe Riaracháin, agus cuirfear i bhfeidhm iad a luaithe agus a bheidh an t-airgead ar fáil chuige.

and outgoing correspondence being dealt with electronically by Email rather than on paper and by post.

During 2009 the Office developed a procedure whereby thousands of paper files are no longer created for granted European Patents designating and validated in Ireland each year which are entered on the Irish Register. All information regarding these European Patents is now stored electronically and any paper correspondence received is scanned and associated with the relevant electronic file. This procedure became operational on 1 January 2010 and facilitates ease of access to the files for staff, has reduced processing time and will result in a considerable saving in storage space.

The implementation of a project to facilitate online access to published Irish patent specifications was deferred again due to budgetary constraints.

Objective (4)
To increase awareness of intellectual property.

During 2009 the Office's information delivery strategy, in addition to outreach activities, focused on further enhancement of the data in the Office's website, a review of some of the the Office's publications, preparation of consolidate versions of the Patents Acts and Rules, the establishment of an FAQ database to assist staff in dealing with queries form the public. Work continued on updating and re-compiling an index of the contents of the Patents Office Library.

In line with its strategic objective to increase awareness of IP among the public, the Office continued with its outreach efforts directed particularly at the small business start up sector and students. The small business sector has been identified as key to fostering future growth and competition in the economy.

During 2009, the Office had a presence at a range of public events where we have availed of opportunities to disseminate information and raise awareness of the importance of IP and how to protect it. Staff gave talks on IP to participants at "start your own business courses" organised by seven County Enterprise Boards. Staff also exhibited and provided advice at 3 Business Advice shows (sponsored by the Bank of Ireland and County Enterprise Boards) in Galway, DunLaoghaire and Cork and at 7 Enterprise Exhibitions covering Counties Wicklow, Donegal, Clare, Limerick, Tipperary, Dublin and Kilkenny. In addition, IP seminars were held at Carlow and Limerick Institutes of Technology.

To mark World Intellectual Property Day the Patents Office ran a series of events during an open day at the office on 27 April 2009. Talks on IP and commercialisation were given to a group of persons from the small business sector and persons interested in business start-ups by a Patents Office staff member and a representative from Enterprise Ireland. The open day culminated in the award of prizes to participants in the Junior Inventor 2009 competition (aimed at primary school pupils), which had as its theme "Green innovation as the key to a secure future". The idea of this competition is to encourage awareness of primary school children of innovation and inventions and to start developing an interest in science and engineering. Over 200 persons (pupils, teachers, parents and business interests) attended events during the open day. The first prize-winner who was from Rathfarnham National school was interviewed for RTE's Six One news programme. The Patents Office succeeded in generating considerable media interest in the Junior Inventor Competition with articles appearing in all national newspapers, regional and local newspapers and free sheets in the Dublin and Wicklow areas. It is intended to run the Business Seminar and the Junior Inventor Competition again in 2010.

As in previous years the Office was an exhibitor at the BT Young Scientist & Technology Exhibition. The Office sponsors a prize at the Exhibition which was won by Liam McCarthy and John O'Callaghan from Kinsale in Cork for their invention of a cheap and efficient method of detecting infection in cows milk using ordinary washing-up liquid. The students were overall winners at the BT Young Scientist & Technology Exhibition and went on to represent Ireland in the European Young Scientist competition in Paris in September winning one of the top three prizes.

Rinne an Oifig iarracht inar chuir sí leis na cuspóirí seo agus sa chur chun cinn ar r-sheirbhísí an rialtais, ar theicneolaíocht a úsáid leis na seirbhísí a sholáthar go leictreonach. Chuige seo tosaíodh ar obair fhorbartha in 2009 le héascú a dhéanamh ar na mílte meabhrúchán athnuachana agus meabhrúcháin thar téarma a eisiúint go leictreonach trí r-phost in ionad tríd an bpost. Cuirfear an tionscadal seo i bhfeidhm go luath in 2010 agus is í an chéad chéim sa phróiseas í maidir le déileáil le formhór den chomhfhreagras isteach agus amach as an Oifig go leictreonach trí r-phost in ionad le páipéar agus tríd an bpost.

I rith 2009 rinne an Oifig forbairt ar mhodh oibre nach mbeadh na mílte comhad páipéir á gcruthú níos mó do Phaitinní Eorpacha bronnta, á sonrú agus á ndeimhniú in Éirinn gach bliain a chuirtear ar Chlár na hÉireann. Déantar gach faisnéis maidir le Paitinní Eorpacha a stóráil go leictreonach anois agus déantar aon chomhfhreagras páipéir a fhaightear a scanadh agus a chur leis an gcomhad iomchuí leictreonach. Tháinig an modh oibre seo i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2010 agus éascaíonn sé rochtain ar gach comhad don fhoireann; tá laghdú déanta aige ar am próiseála agus beidh sábháilt nach beag i gceist ar spás stórála.

Cuireadh cur i bhfeidhm an tionscadail le héascú a dhéanamh ar rochtain ar líne ar shonraíochtaí foilsithe ar phaitinní na hÉireann siar arís de dheasca srianta bhuiséid.

Cuspóir (4)
Feasacht ar mhaoin intleachtúil a mhéadú.

I rith 2009, dhírigh straitéis soláthair faisnéise na hOifige, in éineacht le gníomhaíochtaí for-rochtana, ar a thuilleadh feabhais a chur ar na sonraí ar shuíomh gréasáin na hOifige, athbhreithniú a dhéanamh ar chuid d'fhoilseacháin na hOifige, ullmhúchán ar leaganacha comhdhlúite d'Achtanna agus Rialacha na bPaitinní, bunú bhunachar sonraí CCanna le cabhrú leis an bhfoireann maidir le déileáil le ceisteanna ón bpobal. Leanadh le hobair ar uasdhátú agus ar ath-thiomsú ar innéacs ar ábhar Leabharlainne Oifig na bPaitinní.

Ag teacht lena cuspóir straitéiseach maidir le feasacht a mhéadú ar MI i measc an phobail, lean an Oifig lena hiarrachtaí for-rochtana dírithe ach go háirithe ar earnáil na ngnóthas nua-thionscanta beaga agus ar mhic léinn. Tá earnáil na ngnóthas beag aitheanta mar eochair le cothú a dhéanamh ar fhorás agus ar iomaíocht san eacnamaíocht sa todhchaí.

I rith 2009, bhí láithreacht ag an Oifig ag réimse d'imeachtaí poiblí mar ar ghlacamar le deiseanna le faisnéis a leathadh agus le feasacht a ardú ar thábhacht MI agus ar conas é a chosaint. Thug an fhoireann cainteanna ar MI do rannpháirtithe ag "cúrsaí ar do ghnó féin a thosú" a d'eagraigh seacht mBord Fiontar Contae. Chuir an fhoireann taispeántais ar siúl agus chuir comhairle ar fáil ag 3 sheó ar Chomhairle Gnó (urraithe ag Banc na hÉireann agus Boird Fiontar Contae) i nGaillimh, Dún Laoghaire agus Corcaigh agus ag 7 dTaispeántas Fiontraíochta ag clúdach contaetha Chill Mhantáin, Dhún na nGall, an Chláir, Luimnigh, Thiobraid Árann, Bhaile Átha Cliath agus Chill Chainnigh. Ina theannta sin, tionóladh seimineáir in Institiúidí Teicneolaíochta Cheatharlach agus Luimnigh.

Le Lá Domhanda do Mhaoin Intleachtúil a mharcáil chuir Oifig na bPaitinní sraith imeachtaí ar siúl le linn lae oscailte ag an oifig ar an 27 Aibreán 2009. Thug ball foirne ó Oifig na bPaitinní agus ionadaí ó Fhiontraíocht Éireann cainteanna ar MI agus tráchtálaíocht do ghrúpa daoine ó earnáil na ngnóthas beag agus do dhaoine ar spéis leo gnólachtaí nua-thionscanta. Ba é buaic an lae oscailte gur bronnadh duaiseanna ar rannpháirtithe sa chomórtas don Aireagóir Sóisearach 2009 (dírithe ar dhaltaí bunscoile), a raibh "Nuálaíocht Ghlas mar eochair do thodhchaí slán" mar théama aige. Is é atá i gceist leis an gcomórtas seo feasacht a spreagadh i ndaltaí bunscoile ar nuálaíocht agus aireagáin agus le tosú ar spéis a chur in eolaíocht agus innealtóireacht. D'fhreastail os cionn 200 duine (daltaí, múinteoirí, tuismitheoirí agus lucht gnó) ar imeachtaí le linn an lae oscailte. Cuireadh agallamh ar an gcéad duaisbhuaiteoir, ó Bhunscoil Rath Fhearnáin, ar chlár nuachta Six One RTÉ.
D'éirigh le hOifig na bPaitinní spéis shuntasach a chruthú sna meáin do Chomórtas an Aireagóra Sóisearaigh le haltanna á scríobh i ngach nuachtán náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus sna nuachtáin saor in aisce i mBaile Átha Cliath agus i gCill Mhantáin. Tá sé ar intinn Seimineáir Ghnó agus Comórtas an Aireagóra Sóisearaigh a reáchtáil arís in 2010.

Faoi mar a tharla i mblianta roimhe seo ba thaispeántóir í an Oifig ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT. Déanann an Oifig urraíocht ar dhuais ag an Taispeántas a bhuaidh Liam

Objective (5)
To continue to foster good relations with the Department and contribute to the development of legislation relating to Intellectual Property.

During 2009, the Office made proposals and provided input to the Intellectual Property unit of the Department of Enterprise, Trade and Employment in relation to the drafting of the following pieces of legislation:

- Draft Trade Mark Amendment Rules
- Draft Fees Rules
- Draft Design Amendment Rules
- Patents (Amendment) Rules, 2009
- Copyright and Related Rights (Proceedings Before the Controller) Rules, 2009

In addition, the Office provided further observations regarding:

- compliance with the provisions of the Services Directive insofar as it applies to the regulated professions of patent and trade mark agent,
- the consultation document on the London Agreement, and
- the consultation document on possible changes to Irish trade mark procedures regarding examination of Trade Mark applications on Relative Grounds.

My appointment as head of the Intellectual Property Unit in the Department in addition to my role as head of the Patents Office has facilitated closer co-operation and contact between the Office and the IPU which has facilitated better co-ordination and better consideration of policy initiatives as well as the exchange of information on international developments.

Objective (6)
To represent Ireland at international fora.

During 2009, staff from the Office attended meetings with the EU Commission, WIPO, the Administrative Council of the EPO and several of its Committees, the Administrative Board of OHIM and several of its various technical and liaison committees which dealt with various issues concerning intellectual property. Attendance at these meetings provides excellent opportunities to gather intelligence on best practices at the international level, to build understanding and to facilitate collaboration with other national and international industrial property offices. It also facilitates one-to-one dialogue with staff of the EPO and OHIM in regard to advancing cooperation programmes between those organisations and the Office to further enhance or develop the Office's services to its customers.

McCarthy agus John O'Callaghan ó Chionn tSáile i gCorcaigh dá n-aireagán ar mhodh saor agus éifeachtach le hionfhabhtú a aimsiú i mbainne bó ag úsáid gnáthleacht níocháin. Ba bhuaiteoirí foriomlán iad na mic léinn ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT agus chuadar ar aghaidh mar ionadaithe na hÉireann ag comórtas Eolaí Óg na hEorpa i bPáras i Meán Fómhair agus ghnóthaigh ceann de na trí príomhdhuaiseanna.

Cuspóir (5)
Leanúint le dea-chaidreamh a chothú leis an Roinn agus cur le forbairt reachtaíochta a bhaineann le Maoin Intleachtúil.

I rith 2009, rinne an Oifig moltaí agus sholáthair sí ionchur d'aonad Maoine Intleachtúla na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le dréachtú na bpíosaí reachtaíochta seo a leanas:

- Dréachtrialacha Leasaithe Trádmhairc
- Dréachtrialacha do Tháillí
- Dréachtrialacha Leasaithe Dearaidh
- Rialacha na bPaitinní (Leasú), 2009
- Na Rialacha Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Imeachtaí Os Comhair an Rialaitheora), 2009

Ina theannta sin, sholáthair an Oifig tuilleadh tuairimí maidir le:
- Géilliúntas d'fhorálacha na Treorach um Sheirbhísí fad a bhaineann sí le gairmeacha rialáilte ghníomhaire paitinne agus trádmhairc,
- an doiciméad comhairliúcháin ar Chomhaontú Londain, agus
- an doiciméad comhairliúcháin ar athruithe a fhéadfaí a dhéanamh ar nósanna imeachta do thrádmharcanna na hÉireann maidir le scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar Thrádmharc ar Chúiseanna Coibhneasta.

Tá mo cheapachán mar cheann ar an Aonad Maoine Intleachtúla sa Roinn, in éineacht le mo ról mar cheann ar Oifig na bPaitinní, tar éis éascú a dhéanamh ar chomhoibriú agus ar theagmháil níos dlúithe idir an Oifig agus an AMI, rud atá tar éis éascú a dhéanamh ar chomhordú níos fearr agus ar bhreathnú níos fearr ar thionscnaimh pholasaí chomh maith le malartú ar fhaisnéis ar fhorbairtí idirnáisiúnta.

Cuspóir (6)
Ionadaíocht a thabhairt d'Éirinn ag fóraim idirnáisiúnta.

I rith 2009, d'fhreastal foireann ón Oifig ar chruinnithe le Coimisiún an AE, WIPO, Comhairle Riaracháin an EPO agus roinnt dá Choistí, Bord Riaracháin OHIM agus roinnt dá coistí éagsúla teicniúla agus idirchaidrimh a bhí ag déileáil le ceisteanna éagsúla a bhaineann le maoin intleachtúil. Soláthraíonn freastal ar na cruinnithe seo deiseanna iontacha le faisnéis a bhailiú ar dhea-chleachtais ag an leibhéal idirnáisiúnta, le cur le tuiscint agus le héascú a dhéanamh ar chomhoibriú le hoifigí eile maoine tionsclaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Éascaíonn sé freisin caidreamh ó dhuine go duine le foireann an EPO agus OHIM maidir le cláir chomhoibrithe a chur chun cinn idir na heagraíochtaí seo agus an Oifig agus le tuilleadh feabhais nó forbartha a dhéanamh ar sheirbhísí na hOifige dá custaiméirí.

BUSINESS STATISTICS

PATENTS

YEAR	APPLICATIONS RECEIVED			PATENTS GRANTED		
	For Full 20 year Term	For Short Term (10 year)	TOTAL	For Full 20 year Term	For Short Term (10 year)	TOTAL
2007	444	481	**925**	144	170	**314**
2008	457	550	**1,007**	108	210	**318**
2009	415	546	**961**	191	137	**328**

PATENT APPLICATIONS AND GRANTS 2007 - 2009



As at 31 December 2009, there were a total of 1,992 pending applications on hand. Of these 583 applications were awaiting the submission of evidence of novelty.

The number of applications received from applicants in the State was 908 compared with 931 in 2008.

Patents granted in 2009 having effect in the State

	Number	Number of patents granted to Applicants from within the State	% of patents granted to Applicants from within the State
Granted by Office	328	251	76.5%
Granted by EPO	33,844	151	0.44%
Total Grants	**34,172**	**402**	**1.17%**

STAIDREAMH GNÓ

PAITINNÍ

BLIAIN	IARRATAIS FAIGHTE			PAITINNÍ DEONTA		
	Do Théarma Iomlán 20 bliain	Do Ghearr Théarma (10 mbliana)	IOMLÁN	Do Théarma Iomlán 20 bliain	Do Ghearr Théarma (10 mbliana)	IOMLÁN
2007	444	481	**925**	144	170	**314**
2008	457	550	**1,007**	108	210	**318**
2009	415	546	**961**	191	137	**328**

IARRATAIS AR PHAITINNí AGUS DEONTAIS 2007-2009



Mar a bhí ar an 31 Nollaig 2009, bhí iomlán de 1992 iarratas ar feitheamh idir lámha. Díobh seo, bhí 583 iarratas ag fanacht go gcuirfí isteach fianaise ar nuagacht.

Fuarthas 908 iarratas ó iarratasóirí sa Stát i gcomparáid le 931 in 2008.

Paitinní a deonadh in 2009 a raibh feidhm leo sa Stát

	Líon	Líon na bpaitinní a deonadh d'iarratasóirí ó laistigh den Stát	% na bpaitinní a deonadh d'iarratasóirí ó laistigh den Stát
Deonta ag an Oifig	328	251	76.5%
Deonta ag EPE	33,844	151	0.44%
Iomlán Deonta	**34,172**	**402**	**1.17%**

European applications designating Ireland (first arising in 1992) are not included in the above charts and amount to:

Year	Filings
1992	11,755
1993	35,762
1994	40,705
1995	44,161
1996	52,755
1997	41,875
1998	61,584
1999	65,708
2000	76,806
2001	103,659
2002	96,779
2003	104,529
2004	111,537
2005	117,096
2006	123,912
2007	129,890
2008	133,248
2009	128,378

In 2009, the number of **granted** European patents designating Ireland was 33,844.
These patents were entered in the National Register of Patents. They have the same legal status in Ireland as if they had been granted by my Office.

Other matters affecting the Register of Patents

	2007	2008	2009
Patents and patent applications the subject of assignments (Section 85 of the Patents Act 1992)	695	531	809
Patents revoked	1	0	0
Patents surrendered	2	0	0
Patents lapsed	18,339	20,191	22,655
Patents restored/reinstated	13	19	16
Patents renewed	40,911	42,422	41,472
Patents expired	386	428	437
Patents in force	70,166	78,816	78,916

Requests for Supplementary Protection Certificates

A total of 41 requests for Supplementary Protection Certificates were received during the year under the European Communities (Supplementary Protection Certificates) Regulations, 1992 (medicinal) and 1996 (plant protection products). During the year, 36 certificates were granted (medicinal and plant protection), 3 requests were rejected and 1 request was withdrawn. At the end of the year there were 71 requests pending.

Hearings & Miscellaneous Matters

	2007	2008	2009
Hearings	0	0	1
International Patent Co-operation Treaty (PCT) Applications received for transmission to WIPO	125	125	91
European Patent Applications received for transmission to the EPO	37	47	39

Register of Patent Agents

At the end of 2009, there were sixty-five individuals and six partnerships entered in the Register of Patent Agents.

Níl iarratais Eorpacha a rinne sainiú ar Éirinn (ag teacht i gceist den chéad uair in 1992) san áireamh sna cairteanna seo thuas agus tagann siad go:

BLIAIN	Comhadaithe
1992	11,755
1993	35,762
1994	40,705
1995	44,161
1996	52,755
1997	41,875
1998	61,584
1999	65,708
2000	76,806
2001	103,659
2002	96,779
2003	104,529
2004	111,537
2005	117,096
2006	123,912
2007	129,890
2008	133,248
2009	128,378

In 2009, **deonadh** 33,844 paitinn Eorpacha a rinne sainiú ar Éirinn. Iontráladh na paitinní seo i gClár Náisiúnta na bPaitinní. Tá an seasamh céanna dlíthiúil acu in Éirinn is a bheadh dá mbeidís deonta ag m'Oifig-se.

Nithe eile a bhaineann le Clár na bPaitinní

	2007	2008	2009
Paitinní agus iarratais ar phaitinní ina n-ábhar ag sainithe (Alt 85 d'Acht na bPaitinní 1992)	695	531	437
Paitinní cúlghairthe	1	0	0
Paitinní tugtha suas	2	0	0
Paitinní tite ar lár	18,339	20,191	22655
Paitinní curtha ar ais	13	19	16
Paitinní athnuaite	40,911	42,422	41,472
Paitinní éagtha	386	428	437
Paitinní i bhfeidhm	70,166	78,816	78,916

Iarratais ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha

Fuarthas iomlán de 41 iarratas ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha i rith na bliana faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Deimhnithe Cosanta Forlíontacha), 1992 (míochaineach) agus 1996 (táirgí cosanta plandaí). I rith na bliana, deonadh 36 deimhniú (cosaint míochaineach agus plandaí), diúltaíodh do 3 iarratas agus tarraingíodh siar ceann amháin. Ag deireadh na bliana bhí 71 iarratas ar feitheamh.

Éisteachtaí agus Ilnithe

	2007	2008	2009
Éisteachtaí	0	0	1
Iarratais Idirnáisiúnta um Comhoibriú Paitinne (PCT) a fuarthas le cur chuig WIPO	125	125	91
Iarratais ar Phaitinní Eorpacha a fuarthas le cur chuig EPO	37	47	39

Clár na nGníomhairí Paitinne

Ag deireadh na bliana, bhí 65 duine aonair agus 6 comhpháirtíochtaí iontráilte i gClár na nGníomhairí Paitinne.

CLASSIFICATION OF PATENTS GRANTED BY THE OFFICE IN YEAR ENDED 31 DECEMBER 2009 ACCORDING TO THE INTERNATIONAL PATENT CLASSIFICATION (IPC)

Note on Patent Classification

Patents are given classifications based on their technical content. Such classification allows retrieval of patents according to the nature of the inventions revealed therein. The International Patent Classification (IPC) is the standard system for patent classification. It consists of about 70,000 classification symbols divided between 8 basic sections (A to H), relating to different basic kinds of technology. In 2009, it was in its 9th edition (Int. Cl. (2009)).
A classification code is given for each inventive thing in a patent. A patent may contain two or more inventions as long as they are sufficiently related; for instance, a new chemical compound and its use as a medicine or herbicide, or a new laser and its use in eye surgery or data readers. Accordingly, a patent may need a number of classification symbols to cover the whole of its content.
The accompanying table and graph collates the total number of classifications allocated to granted patents in 2009. Each individual classification represents an inventive thing disclosed in a patent, so this is akin to a tally of inventiveness. The classifications are grouped by IPC section.

CLASSIFICATION	No of grants in Classification *
A. HUMAN NECESSITIES: e.g. Foodstuffs, Health, Personal Articles	127
B. PERFORMING OPERATIONS; TRANSPORTING: e.g. Shaping, printing, vehicle technology.	134
C. CHEMISTRY; METALLURGY	59
D. TEXTILES; PAPER	9
E. FIXED CONSTRUCTIONS: e.g. Building, drilling, mining.	100
F. MECHANICAL ENGINEERING; LIGHTING; HEATING; WEAPONS; BLASTING	42
G. PHYSICS: e.g. Optics, computing, nuclear physics	129
H. ELECTRICITY: e.g. Electronic circuits, electricity generation and distribution	66

* Note:- Because it is possible that a granted patent may be classified in more than one technical field, the number of classifications into which these patents fall will exceed the total number of patents granted.



AICMIÚ AR NA PAITINNÍ A DHEONAIGH AN OIFIG SA BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2009 DAR LEIS AN AICMIÚ IDIRNÁISIÚNTA PAITINNE (AIP)

Nóta ar Aicmiú Paitinne

